C/2024/1207

26.1.2024

Fógra le haghaidh eintitis áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin

(C/2024/1207)

Dírítear aird na Cuideachta Comhstoic Oscailte 'NAFTAN' (Uimh. 31), na Cuideachta Comhstoic Oscailte 'Managing Company of Holding "Belkommunmash"' (Uimh. 34), na Cuideachta Comhstoic Oscailte 'MINSK ELECTRO-TECHNICAL PLANT NAMED AFTER V. I. KOZLOV' (Uimh. 36), eintitis a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle ([1]) agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle ([2]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin.

Tá sé á bheartú ag an gComhairle na bearta sriantacha a choinneáil ar bun i gcoinne na n-eintiteas thuasluaite.

Cuirtear in iúl do na heintitis sin, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis a fháil a bhaineann le bearta sriantacha a choinneáil ar bun, roimh an 2 Feabhra 2024, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L 285, 17.10.2012, lch. 1.
([2]) IO L 134, 20.5.2006, lch. 1.